Comhairle an Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 29 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

15100/26

ECOFIN 1387
ENV 1329
CLIMA 600
FIN 1519
ECB
EIB

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Aguisín a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir leis an maoiniú don aeráid – Conclúidí ón gComhairle (an 29 Deireadh Fómhair 2026)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, an tAguisín a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don aeráid a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4205ú cruinniú a bhí aici an 29 Deireadh Fómhair 2026.

AGUISÍN A GHABHANN LE CONCLÚIDÍ CHOMHAIRLE ECOFIN 2026 MAIDIR LE MAOINIÚ IDIRNÁISIÚNTA DON AERÁID (IONADÚ AR MHÍR 13)

LEAGANN SÍ BÉIM ar ranníocaíocht an Aontais agus na mBallstát sa bhliain 2025 chun tacú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide i dtíortha i mbéal forbartha, is é sin EUR 32.3[1] billiún i maoiniú poiblí idirnáisiúnta agus EUR 9.3 billiún[2] i maoiniú príobháideach slógtha.

---

[1] Ar an bhfigiúr seo, áirítear foinsí maoinithe ó bhuiséid phoiblí agus institiúidí airgeadais forbartha eile, agus ríomhtar é bunaithe ar ghealltanais do ranníocaíochtaí déthaobhacha agus eisíocaíochtaí de ranníocaíochtaí iltaobhacha, arna dtuairisciú ag na Ballstáit ar bhonn Airteagal 19.3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018. Ar an bhfigiúr seo, áirítear maoiniú don aeráid dar luach EUR 4.3 billiún ó bhuiséad an Aontais, an Ciste Eorpach Forbraíochta san áireamh, agus EUR 2.7 billiún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

[2] Baineann an figiúr leis an tacaíocht phríobháideach airgeadais arna slógadh trí idirghabhálacha poiblí (ráthaíochtaí, iasachtaí sindeacáite, infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí, línte creidmheasa, etc.). Ní áirítear ann aon airgeadas poiblí a úsáidtear chun an tacaíocht phríobháideach airgeadais sin a shlógadh.